RIALACHÁN (AE) 2023/1657 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Lúnasa 2023

lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh trosc in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 i gcás soithí a bhfuil bratach na Spáinne ar foluain acu

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2023.

(2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta a leithdháileadh le haghaidh 2023 ídithe ag gabhálacha an stoic troisc in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 ag soithí a bhfuil bratach na Spáinne ar foluain acu nó atá cláraithe sa Spáinn.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ídiú cuótaí

Maidir leis an gcuóta iascaireachta le haghaidh 2023 a leithdháileadh ar an Spáinn le haghaidh an stoic trosc in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Toirmisc

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta an stoic sin dá dtagraítear in Airteagal 1 ag soithí a bhfuil bratach na Spáinne ar foluain acu nó atá cláraithe sa Spáinn. Go sonrach, beidh toirmeasc ar éisc ón stoc sin a ghabhann na soithí sin a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin
Helena DALLI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimh.	06/TQ194
Ballstát	an Spáinn
Stoc	COD/1N2AB.
Speiceas	Trosc (*Gadus Morhua*)
Limistéar	Uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2
Dáta Deiridh	29 Meitheamh 2023